


Carraigín

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chomhlacht a dhíolann carraigín. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre? Féach ar an bpictiúr chun cuidiú leat.



Ceist 2

A. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. feamainn
2. éileamh
3. tástáil
4. mianra
5. slaghdán
6. scamhóg
7. leas
8. cian
9. sprae sróine
10. comhábhar
11. toradh

B. Cuir na hainmfhocail thuas san uimhir iolra anois. Bí cúramach, tá dhá ainmfhocal ann nach bhfuil aon iolra acu.

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cá bhfuil an comhlacht feamainne lonnaithe?
2. Cén fáth a bhfuil ardú tagtha ar an éileamh ar charraigín na laethanta seo?
3. Cén fáth ar luadh na Stáit Aontaithe sa mhír?
4. Cén leigheas atá sa charraigín, de réir Noel Lee?

5. Cad air a ndearnadh staidéar saotharlainne, a bhfuil carraigín ina chomhábhar ann?
6. Cén fáth a n-ólann Noel deoch a bhfuil carraigín ann?
7. Cathain a bheidh na torthaí ó Ollscoil Swansea ar fáil?

Ceist 4

A. Lión isteach ainm gach tír sa léarscáil. Bhí ceann amháin luaite sa mhír.



B. Cuir an focal 'muintir' roimh gach tír anois.

Ceist 5

Cén chuma atá air? Cén chuma atá uirthi?



VIFAX 10 Nollaig 2020
Bunleibhéal

- A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na habairtí thíos. Freagraigí na ceisteanna atá bunaithe orthu.

Tá gruaig **fhada dhonn ar** Shinéad.

Tá súile móra **gorma ag** Maolra.

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'fada' agus 'donn'?
 2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'Sinéad'?
 3. Cén fáth a bhfuil na haidiachtaí 'mór' agus 'gorm' san iolra?
 4. Cén fáth a mbíonn gruaig **AR** dhuine agus a mbíonn súile **AG** duine?
- B. Féachaigí ar an mír arís. Tar éis féachaint amháin, déanfaidh duine amháin agaibh cur síos ar Shiún Nic Gearailt agus déanfaidh an duine eile cur síos ar Mhaolra Mac Donnchadha. Ná déanaigí dearmad de na rialacha thuas.

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar ith tú carraigín riamh? Conas mar a bhí sé?
2. Cad a itheann tú atá go maith don tsláinte?
3. An bhfuil cur amach agat ar aon luibh nó ar aon fheamainn eile atá in ainm is a bheith go maith don tsláinte?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1. feamainn – *seaweed*
2. éileamh (éilimh) – *demand(s)*
3. tástáil (tástálacha) – *test(s), trial(s)*
4. mianra (mianraí) – *mineral(s)*
5. slaghdán (slaghdáin) – *cold(s)*
6. scamhóg (scamhóga) – *lung(s)*
7. leas – *good, benefit*
8. cian (cianta) – *age(s)*
9. sprae sróine (spraeanna) – *nose spray(s)*
10. comhábhar (comhábhair) – *ingredient(s)*
11. toradh (torthaí) – *result(s)*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

An Bhreatain Bheag, muintir na Breataine Bige
Sasana, muintir Shasana
An Albain, muintir na hAlban
Tuaisceart Éireann, muintir Thuaisceart Éireann
Éire, muintir na hÉireann

Ceist 5

A.

1. Tá an t-ainmfhocal 'gruaig' baininscneach agus mar sin séimhítear an aidiacht/na haidiachtaí a leanann é.
2. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'ar' nuair atá ionad áirithe i gceist.
3. Tá an t-ainmfhocal 'súil' san iolra agus mar sin cuirtear na haidiachtaí a leanann é san iolra freisin.
4. Sa Ghaeilge, baintear úsáid as 'ar' más taobh amuigh den chorp atá na baill bheatha. Más taobh istigh den chorp atá siad, baintear úsáid as 'ag'.

B.

Tá gruaig fhada fhionn ar Shiún Nic Gearailt agus tá súile gorma aici.
Tá gruaig ghearr dhubh ar Mhaolra M Mac Donnchadha agus tá súile gorma aige.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh ar ais. Deir úinéir comhlachta feamainne i gConamara go bhfuil ardú 90% tagtha ar an éileamh atá ar charraigín ó thús na géarchéime COVID-19. Tá éileamh ach go háirithe air i Meiriceá. Anois, tá tástálacha ar bun ag eolaithe sa Bhreatain Bheag chun a fháil amach an bhfuil carraigín ábalta COVID-19 a chosc.

Noel Lee, Feamainn Orgánach Chonamara Teoranta

Seo *carrageen moss* agus tá thart ar 100 mianra ag teastáil ón chorp agus tá thart ar 90 mianra sa *carrageen moss* agus tá traidisiún mór in Éirinn le haghaidh slaghdán agus fadhbanna leis na scamhóga agus anois, tá an traidisiún ag teacht ar ais arís.

Eibhlín Ní Choistealbha

Noel Lee, úinéir an chomhlachta, Feamainn Orgánach Chonamara, ag déanamh cur síos dúinn ar na buntáistí sláinte a bhaineann le carraigín. Agus ar an leas atá bainte as an bhfeamainn speisialta seo leis na cianta. Deir Noel go bhfuil ardú ollmhór feicthe acu le roinnt míonna anuas, ó thosaigh COVID-19, ar an éileamh atá ar tháirgí carraigín dá gcuid. 90% d'ardú a deir sé, agus éileamh níos mó ná riamh air i Meiriceá.

Noel Lee, Feamainn Orgánach Chonamara Teoranta

Tá go leor fiosrúchán tagtha chugam le sé mhí, go mór mór as Meiriceá. Agus, breathnaíonn sé go bhfuil an traidisiún céanna ag dream an *Caribbean*¹ i Meiriceá agus a bhí ag dream na hÉireann leis an *carrageen moss* agus le cúrsaí sláinte.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá tús curtha ag eolaithe in Ollscoil Swansea sa Bhreatain Bheag le tástálacha daonna ar charraigín anois, féachaint an féidir leis stop a chur le comharthaí nó cabhrú le comharthaí COVID-19. Táthar ag tabhairt faoi na tástálacha i ndiaidh staidéar saotharlainne, a d'éirigh go maith leis, a deineadh² ar chógas leighis a dhíoltar in *Boots* – sprae sróine ina bhfuil carraigín ar cheann de na príomh-chomhábhair. Ach an gcreideann Noel, a ólann deoch leighis a bhfuil carraigín ann, a dhéanann sé féin gach aon lá, go bhféadfadh an fheamainn speisialta seo COVID-19 a leigheas?

Noel Lee, Feamainn Orgánach Chonamara Teoranta

Bhuel, níl mé ag rá go dtabharfaidh sé leigheas duit ach an oiread leis na dochtúirí ag insint duit gur cheart duit vitimín D...vitimín D a bheith sa gcorp, nuair a bheidh an COVID ort, má thógann tú *carrageen moss*, tá mé cinnte go gcuideoidh sé leat a theacht as.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tuigtear go bhfuil súil le torthaí na dtástálacha ó Ollscoil Swansea ar 180 oibrí sláinte i mí an Mhárta.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 i gConamara.

¹ *An Mhuir Chairib* an leagan caighdeánach

² *rinneadh* an leagan caighdeánach